



Árachas Teaghlaigh

1.6 Cineálacha árachais oiriúnacha a shainaithint chun riachtanais phearsanta ar leith agus costais, buntáistí agus rioscaí a mheas





SPRIOCANNA FOGHLAMA

- **Tuiscint a fháil ar cad is árachas ann**
- **A bheith ábalta gearrchuntas a thabhairt ar phrionsabail an árachais**
- **Tuiscint a fháil ar na cineálacha difriúla árachais tí agus árachais pearsanta**
- **A bheith ábalta préimh/cúiteamh a ríomh**
- **Léargas a fháil ar na cineálacha post atá i dtionscal an árachais**



Nasc le: 1.2, 1.3, 1.11, 1.12, 1.13, 2.1, 3.1

Eochairfhocail

Polasaí	Préimh	Cúiteamh	Foirm Éilimh
Meon lánmhaith	Seachaíocht	Slánaíocht	Ranníocaíocht
Leas Inárachais	Achtúire	Gníomhaire	Cúiteamh
Bróicéir árachais	Árachas cosanta lomlán	Clásal caillroinnte	Éileamh
Tríú páirtí, tine agus gadaíocht	Árachas cuimsitheach	Árachas foirgnimh agus inneachais	Árachas tinnis chriticiúil
Árachas cosanta ioncaim	Árachas cosanta morgáiste	Árachas cosanta íoca	Bónas cheal éilimh
Árachas gluasisteáin	Árachas saoil	Polasaí dearlaice	baránta
farasbarr	eisiataí	díscríofa	ÁSPC fostaí
Árachas inneachair tí	Coigeartóir caillteanais	Ró-árachas	ualú
Fíoras ábhartha	Foirm rúin	riosca	brabús
Árachas saoire	Árachas tí		



MINIÚ AR CAD IS ÁRACHAS ANN




Séard is árachas ann ná cosaint airgeadais ar rud éigin a d'fhéadfadh tarlú. Íocann an comhlacht árachais cúiteamh airgeadais don té atá faoi árachas má tharlaíonn timpiste, gadaíocht, tine, srl.

Conas a oibríonn árachas?



1. Tá árachas bunaithe ar riosca.
2. Nuair a íocann duine préimh téann sé isteach i gciste an chomhlachta árachais.
3. Bainistíonn an comhlacht árachais an ciste, má bhíonn cúiteamh íoctar as an gciste seo é.
4. Íoctar costaisí an chomhlachta árachais.
5. Aon fharasbar airgid, bíonn sé ina bhrabús don chomhlacht árachais.



Na céimeanna a bhaineann le hárachas

*Foirm rúin a líonadh.
Ní mór an fhírinne a
insint i gcónaí*

*Cúiteamh ón
gcomhlacht árachais*

*An polasaí a
athnuachan*


*A bheith ar an eolas
faoin bhfarasbarr atá
ar an bpolasaí*

*Clásal caillroinnte
Tarlaíonn sé seo má
bhíonn tearc-árachas
nó páirtchailteannas i
gceist*

*An bhfuil aon eisiataí
ar an bpolasaí? Seo
iad na rudaí nach
bhfuil clúdaithe*

*Foirm Éilimh: Má
tharlaíonn timpiste nó
damáiste bíonn ort foirm
éilimh ón gcomhlacht
árachais a líonadh*

An tslí a oibríonn árachas



An féidir leat a mhíniú conas mar a oibríonn árachas?

Prionsabail an árachais



Leas Inárachais

Meon Lánmhaith

Slánaíocht

Seachaíocht

Ranníocaíocht

Prionsabail an árachais

Leas Inárachais: Ní féidir árachas a chur ar aon rud nach mbaineann tú fhéin leas as. Mar shampla: Ní féidir leat árachas a chur ar theach do chomharsan.



Obair Ghrúpa

*Plé: Cén fáth nach féidir
árachas a chur ar theach
duine eile?*



Meon Lánmhaith:



Ní mór an fhírinne a insint i gcónaí agus tú ag líonadh na foirme árachais.

Caithfear an fhaisnéis ar fad a chur os comhair an chomhlachta árachais.



Plé: Céard a tharlóidh muna n-insítear an fhirinne ar an bhfoirm rúin?

Slánaíocht

Ní féidir brabús a dhéanamh as árachas. Mar shampla, má bhíonn timpiste cairr agat agus má dhéantar damáiste de €5,000 ar do charr, ní bheidh tú ábalta €7,000 a fháil mar chúiteamh ar do charr.



Seachaíocht:

- Nuair a íocann comhlacht árachais cúiteamh ar rud éigin, aistrítear ceart úinéirachta an ruda sin go dtí an comhlacht árachais.
- Nuair a íocann comhlacht árachais cúiteamh as feithicil a dhíscríobhadh, is leis an gcomhlacht árachais úinéireacht na feithicle.



Ranníocaíocht:

Má bhíonn riosca faoi árachas le níos mó ná comhlacht árachais amháin déantar an cúiteamh a roinnt idir an dá chomhlacht árachais.

Sampla; Árachas tí – Tá teach faoi árachas le dhá chomhlacht. Déantar scrios ar an teach de luach €100,000.

Íocann comhlacht árachais **A €50,000** agus comhlacht árachais **B €50,000**.



Comhlachtaí Árachais:

- ☐ Allianz
- ☐ Aviva
- ☐ AIG
- ☐ RSA
- ☐ Zurich
- ☐ VHI
- ☐ FBD
- ☐ Friends First
- ☐ Liberty Insurance
- ☐ Blue Insurance
- ☐ Axa

Obair Ranga

*Faigh an Lógó de
gach ceann de na
comhlachtaí
árachais*



Cineálacha árachais





Árachas Saoil

Is cosaint é árachas saoil i gcoinne caillteanas a tharlóidh, mar shampla bás. Íoctar polasaí árachais saoil má fhaigheann an duine atá faoi árachas bás.



Árachas saoil

Tá trí chineál ann:

Polasaí Téarma

- Maireann sé seo ar feadh tréimhse áirithe
- Clúdaíonn sé morgáiste nó tréimhse iasachta sa chaoi is má fhaigheann duine bás go n-íoctar na fiacha

Polasaí Saoil Iomláin

- Má fhaigheann an duine atá faoi árachas bás íoctar cúiteamh

Polasaí Dearlaice

- Íoctar suim shocraithe ar dháta socraithe nó roimhe sin má fhaigheann an duine atá faoi árachas bás

Árachas Gluaisteáin

Tá árachas gluaisteáin éigeantach in Éirinn. Caithfidh sé a bheith agat de réir an dlí má tá feithicil agat. Is cion coiriúil é a bheith ag tiomáint feithicile gan árachas.



Cineálacha Árachais Gluaisteáin



Cuimsitheach

Clúdaíonn an cineál seo árachais gach páirtí nó feithicil i gcoinne cailteanais nó fulaingthe i gcás timpiste. Is é seo an clúdach árachais is fearr.



Tríú páirtí, tine agus gadaíocht

Clúdaíonn an cineál seo árachais gortú do dhaoine eile nó damáiste do charr nó maoin an tiománaí eile. Chomh maith leis sin tá cosaint ann i gcoinne tine nó gadaíochta. Ní chlúdaíonn sé sealbhóir an pholasaí ná feithicil an tsealbhóra.



Tríú Páirtí

Seo é an clúdach is lú a chaithfidh a bheith ag duine de réir an dlí. Clúdaítear gortú do dhaoine eile agus damáiste do charr nó maoin daoine eile. Ní chlúdaíonn sé sealbhóir an pholasaí ná feithicil an tsealbhóra.

Árachas Tí

Clúdach d'fhoirgnimh

Clúdaíonn se seo an foirgneamh má tharlaíonn damáiste tine, stoirme nó tuile. Bíonn cúiteamh ar fáil ón gcomhlacht árachais chun dul i ngleic leis an damáiste.



Árachas inneachair tí

Cludaíonn sé seo gach rud sa teach ma dhéantar damáiste dóibh i gcás tine, uisce, tuile nó buirgléireachta.





Árachas tionóisce pearsanta

Clúdach atá anseo don té atá faoi árachas má bhuailtar tinn é nó má bhíonn timpiste aige.

Árachas Sláinte: Clúdaíonn se seo billí leighis agus costais ospidéil.

Sampla: VHI



Árachas Sláinte

Clúdach é seo chun íoc as ospidéal agus billí leighis má bhíonn tinneas tromchúiseach ar dhuine. Bíonn cineálacha clúdach difriúil ar fáil ag brath ar riachtanais an chustaiméara.





Árachas Taistil



Clúdach é seo don duine atá faoi árachas nuair atá sé ag taisteal nó ar saoire. Mar shampla, sa chás go mbeadh eitiltí curtha ar ceal nó go ngoidfí rud éigin ó dhuine nó go ngortófaí é.



Árachas cosanta morgáiste

Is árachas é seo a íocann an morgáiste má fhaigheann an duine bás le linn na tréimhse aisíoca.



ÁSPC – Árachas Sóisialach Pá-Choibhneasta

Íocann gach fostaí é seo ar ioncam. Is féidir le fostaí íocaíochtaí seachtainiúla a fháil muna bhfuil sé/sí ábalta oibriú de bharr tinnis, dífhostaíochta, saoire mháithreachais.





Préimh



- **Préimh**: An t-airgead a íoctar leis an gcomhlacht árachais chun clúdach a fháil.



Sampla: Préimh a ríomh

Teach	$€200,000 \times 13 / €10,000$	€260
Inneachar	$€70,000 \times 20 / €8,000$	€175



Préimh Iomlán

€435

Cúiteamh



Cúiteamh

Luach faoi árachas x Suim á héileamh

Luach iarbhír

Cineálacha Post sa tionscal seo



Achtúire

Seo an duine a dhéanann an cinneadh don chomhlacht árachais cén praghas atá le gearradh ar an gcustaiméir. Dá airde an riosca is airde an phréimh.



Bróicéir Árachais

Faigheann an bróicéir árachais an polasaí is fearr ar an bpraghas is ísle dá chustaiméirí. Faigheann an bróicéir árachais coimisiún ón gcomhlacht árachais as custaiméirí nua a fháil dóibh.



Gníomhaire Árachais

Bíonn an gníomhaire árachais ag obair d'aon chomhlacht árachais amháin, ag díol polasaithe le custaiméirí.




Míniú ar Eochairfhocail

Obair
ghrúpa


<u>Téarmaí</u>	<u>Míniú</u>
Polasaí	
Préimh	
Meon lánmhaith	
Ranníocaíocht	
Foirm rúin	
Achtúire	
Árachas tríú páirtí	
Foirm éilimh	
Bróicéir	




Measúnú



Is féidir liom




Nílim cinnte



Ní féidir liom/

Tá cabhair ag teastáil uaim



Spriocanna Foghlama

- ✓ Míniú a thabhairt ar cad is árachas ann
- ✓ Gearrchuntas a thabhairt ar phrionsabail an árachais
- ✓ Árachas tí/ árachas pearsanta a thuiscint
- ✓ Préimh/cúiteamh a ríomh
- ✓ Na cineálacha post atá i dtionscal an árachais a shonrú

